



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Ceacht: 8 Iománaíocht

Ionad:

Clós na Scoile/Halla

Trealamh:

Clogaid, camáin, cóin/marcanna, sliotair nó liathróidí leadóige

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
MÁ TÁ GNÍOMH LEIS AN gCAMÁN i gCEIST, TÁ SÉ RIACHTANACH GO MBEADH CLOGAID AR NA DALTAÍ

Ceacht
8
Iománaíocht

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

Forbairt ar scileanna druibleála agus buailte. Láimhseáil agus greim an chamáin
- Druibleáil agus bualadh na liathróide feadh na talún ar mhaithe le cruinneas. Buille faoi thargaid.

Spriocanna Curaclaim:

Cruthú agus Forbairt ar chluichí do bheirteanna “Téigh thar an nGarda” Cluiche ina gcleachtfar bualadh na liathróide

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirthuisicint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Comhrá & forbairt ar scileanna gluaiseachta a bhaineann le cluichí Forbairt ar strátéisí chun fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht Daltaí ag comhlíonadh rialacha simplí cluichí

Nascáil:

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht) Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, léim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



GAA
Learning



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí:

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirínite do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.pfds.ie/pcsparchive/pe/pssi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí Eagrú


- An rang bailithe timpeall sa chaoi agus go mbíonn gach dalta ábalta an múinteoir a fheiceáil agus a chloisteáil

Eagrú

- Camán ag gach dalta
- An rang bailithe timpeall sa chaoi agus go mbíonn gach dalta ábalta an múinteoir a fheiceáil agus a chloisteáil

Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2 Gníomh 1 – a) Codanna an Chamáin

- Glaonn an rang amach an t-ainm atá ar an gcuid den chamán ar a bhfuil méar an mhúinteora sínte



Gníomh 1 – b) Fad an Chamáin



Pointí Teagaisc

- Díríodh an múinteoir méar ar gach cuid den chamán - Barr na láimhe, Lár na láimhe, Bos, Sáil, Soc, Fonsa (gan fonsa nó clúdaithe le téip don chamógaíocht)

Pointí Teagaisc

- Beir greim ar bharr láimhe an chamáin leis an lámh cheannasach, faoi mar a bheadh tú ag croitheadh láimhe leis
- Coinnigh an camán síos le d'ais agus do lámh díreach
- Bog an camán faoi mar a bhogfadh luascadán, sáil an chamáin ag teagmháil ar éigean leis an talamh
- Tá an camán ró-fhada má bhuaileann sé faoin talamh agus é ag luascadh. Déan an gníomh arís nó go dtiocfar ar chamán den tomhas ceart


Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Cinntigh go bhfuil camán ar an tomhas ceart ag gach dalta
- An rang bailithe timpeall sa chaoi agus go mbíonn gach dalta ábalta an múinteoir a fheiceáil agus a chloisteáil

Eagrú

- Cinntigh go bhfuil camán ar an tomhas ceart ag gach dalta agus dóthain spáis acu chun an gníomh a dhéanamh ar shlí shábháilte



Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Gníomh 1 – c) 'Faoi Réir'

- Déan cleachtadh ar a bheith i do sheasamh 'faoi réir', ar dtús gan a bheith ag corraí, ansin ag siúl agus ag sodar



Gníomh 1 – d) Síneadh an Chamáin

- Bíodh an camán i ngreim ag na himreoirí agus é lena dtaobh síos
- Tarraing 'x' nó 'y' ar an talamh
- Agus tú i do sheasamh, gan bogadh, ciceáil bos an chamáin leis an gcos dheas agus leis an gcos chlé ar a seal. Déan ansin é ag siúl agus ag sodar
- Ag greim ar an gcamán le lámh amháin nó leis an dá lámh, déan é a luascadh os cionn do chloiginn



Pointí Teagaisc

- Beir greim ar an gcamán leis an lámh cheannasach, faoi mar a bheadh tú ag croitheadh láimhe leis
- Síin an camán romhat amach ó do cholainn agus an bos cothrom – cas ó thaobh to taobh é leis an rosata
- Luasc an camán síos agus aníos go dtiocfaidh tú i gcleachtadh ar a mheáchan
- Chun seasamh 'faoi réir' bog na cosa óna chéile, ar leithead na nguailí
- Síin an camán romhat amach, beir greim air agus an lámh neamhcheannasach os cionn na boise agus soc an chamáin in airde


Pointí Teagaisc

- Díriú ar an gcamán a bhogadh leis na ríostaí seachas leis na lámhá ná leis an rí

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Camán oiriúnach agus liathróid ag gach dalta
- Úsáid cóin nó marcanna chun druibleála ina dtimpeall



Eagrú

- Bíodh na daltaí i gciorcail timpeall an mhúinteora

Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Gníomh 2 - Druibleáil le Camán

- Déanann na daltaí druibleáil ar an liathróid timpeall na marcanna ag malartú treo



Gníomh 3 - Luascadh ar ar chruth "C"

- Ina stad, déanann na daltaí an camán a luascadh i dtreo liathróide a samhlaítear dóibh a bheith ar an talamh
- Agus iad ag siúl timpeall i gciorcail, déanann na daltaí an camán a luascadh i dtreo liathróide a samhlaítear dóibh a bheith ar an talamh



Pointí Teagaisc

- Úsáid an dá lámh agus dhá thaobh bhosa an chamáin chun druibleála
 - Féach i do thimpeall féachaint cá bhfuil na himreoirí eile
- C** Conas a úsáidfidh tú an camán leis an liathróid a stopadh?
- F** Leag an chuid cothrom den chamán roimhe

Pointí Teagaisc

- Seas ar chuma "Faoi Réir"
- Seas agus na cosa ar leithead na nguailí
- Bíodh an lámh cheannasach ar bharr láimhe an chamáin
- Sleamhnaigh an lámh eile aníos agus bíodh na lámha fite ina chéile
- Lúb na huillinneacha & ardaigh an camán
- Déan an camán a luascadh leis na rosataí ar chruth "C"
- Buail an liathróid a shamhlaítear a bheith ann le bos an chamáin
- Coinnigh leis go mbeidh an camán ar airde guailne
- Ná tóg an tsúil den liathróid

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Roinn an rang ina mbeirteanna, iad ag seasamh ag cón, aghaidh acu ar a chéile, 10m eatarthu
- Liathróid idir gach beirt



Eagrú


- Na daltaí ag obair ina mbeirteanna, tuairim 10m óna chéile
- Cuir daltaí eile ar garda, cead acusan an liathróid a bhlocáil, ach gan aon chead acu bogadh ón áit a bhfuileadar ina seasamh



Leibhéal Ranga: Ranganna 1 & 2

Gníomh 4 - Bualadh ina mBeirteanna

- Ar a seal, buaileann gach dalta an liathróid chuig a bpáirtí, a bhlocáileann an liathróid agus a bhuaileann ar ais í



Forbairt – Seachain an Garda

- Buaileann an dalta an liathróid le talamh chuig a bpáirtí ag ‘seachaint an gharda’



Pointí Teagaisc

- Ba chóir do na daltaí súil a choineáil ar an liathróid agus iad á bualadh
- Cuir béim ar chruinneas seachas ar neart
- Agus iad ag éirí níos sciliúla, laghdaigh leithead na gcúl

C Cad a tharlaíonn má ardaíonn tú do chloigeann agus tú ag bualadh na liathróide?

F Ní bhíonn aon amharc agat uirthi

Pointí Teagaisc

- Bog na cosa sa chaoi agus gur cliathánach leis an targaid a bheidh siad
- Déan cleachtadh ar bhualadh le taobh na deasóige agus na ciotóige

